RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1177 ÓN gCOIMISIÚN

an 7 Iúil 2022

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 trí bhíthin, sna teimpléid don doiciméad faisnéise agus don deimhniú comhréireachta i bhformáid pháipéir, na hiontrálacha a mhéid a bhaineann le córais sábháilteachta áirithe a thabhairt isteach agus a nuashonrú, agus coigeartú a dhéanamh ar chóras uimhrithe na ndeimhnithe ar cheadú le haghaidh cineál feithicle, córais, comhpháirte nó aonaid theicniúil ar leithligh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE ([1]), agus go háirithe Airteagail 24(4), 28(3), 36(4) agus 38(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún ([2]) d'fhormáid chaighdeánaithe de na doiciméid a úsáidtear le haghaidh cineálcheadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus cineálcheadú na gcóras, na gcomhpháirteanna agus na n-aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin trí na teimpléid a leagan síos don doiciméad faisnéise, do na deimhnithe ar cheadú agus do na deimhnithe comhréireachta i bhformáid pháipéir.

(2) Na teimpléid do na doiciméid faisnéise, atá in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683, ba cheart iad a mhodhnú chun na ceanglais nua a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) a chur san áireamh, mar aon leis na gníomhartha rialála a glacadh dá bhun.

(3) Ionas go mbeidh cur chuige comhsheasmhach ann maidir le huimhriú na ndeimhnithe ar cheadú, is gá freisin an córas uimhrithe a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 chun an fhorbairt rialála faoi Rialachán (AE) 2019/2144 a léiriú.

(4) Is cuí freisin Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 a leasú, lena leagtar amach an tsamhail do mharc cineálcheadaithe an Aontais i gcomhair comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh, trí nuashonrú a dhéanamh ar an tagairt do Rialachán (AE) 2019/2144.

(5) Ceanglaítear le Rialachán (AE) 2019/2144 go mbeidh ardchórais sábháilteachta feistithe i bhfeithiclí nua, lena n-áirítear cúnamh éigeandála coimeádta lána, cúnamh cliste luais, córais rabhaidh codlatachta agus aire tiománaí, agus an taifeadán sonraí teagmhais. Is cuí a chur de cheangal go léireofar ar an deimhniú comhréireachta cé na córais atá feistithe san fheithicil. Ní mór, dá réir sin, na hiontrálacha ábhartha a chur leis na teimpléid don deimhniú comhréireachta i bhformáid pháipéir a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 a leasú dá réir sin.

([1]) IO L 151, 14.6.2018, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2020 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na ceanglais riaracháin i dtaca le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu (IO L 163, 26.5.2020, lch. 1).

([3]) Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le ceanglais chineálcheadaithe do mhótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh le haghaidh feithiclí den sórt sin, a mhéid a bhaineann lena sábháilteacht ghinearálta agus cosaint na ndaoine atá i bhfeithiclí agus úsáideoirí soghonta bóthair (IO L 325, 16.12.2019, lch. 1).

(7) Ionas go mbeidh dóthain ama ag údaráis chineálcheadaithe, údaráis faireachais margaidh agus údaráis chlárúcháin na mBallstát, agus ag na monaróirí, na leasuithe ar an deimhniú comhréireachta i bhformáid pháipéir a chur chun feidhme ina gcórais faoi seach féin, ba cheart dáta chur i bhfeidhm Iarscríbhinn V a chur siar.

(8) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, tá siad i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste Teicniúil – Mótarfheithiclí,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(2) Leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo;

(3) Leasaítear Iarscríbhinn IV i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo;

(4) Leasaítear Iarscríbhinn V i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo;

(5) Leasaítear Iarscríbhinn VIII i gcomhréir le hIarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Iarscríbhinn V ón 1 Eanáir 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 7 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/683 mar a leanas:

(1) leasaítear na nótaí míniúcháin mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an nóta míniúcháin ([12]):

"([12]) I gcomhréir leis na sainmhínithe in Iarscríbhinn XIII, Cuid 2, Roinn A, pointe 1.24 (rothfhad) agus pointe 1.25 (spásáil acastóirí) ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/535 ón gCoimisiún an 31 Márta 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann nósanna imeachta aonfhoirmeacha agus sonraíochtaí teicniúla maidir le cineálcheadú feithiclí, agus maidir le cineálcheadú na gcóras, na gcomhpháirteanna agus na n-aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, a mhéid a bhaineann lena saintréithe ginearálta déanmhais agus lena sábháilteacht (IO L 117, 6.4.2021, lch. 1). I gcás leantóir acastóra láir, measfar gurb í ais na cúplála an t-acastóir tosaigh.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an nóta míniúcháin ([14]):

"([14]) Rialachán cur chun feidhme (AE) 2021/535 ón gCoimisiún an 31 Márta 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le nósanna imeachta aonfhoirmeacha agus sonraíochtaí teicniúla maidir le cineálcheadú feithiclí, agus maidir le cineálcheadú na gcóras, na gcomhpháirteanna agus na n-aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, a mhéid a bhaineann lena saintréithe ginearálta déanmhais agus lena sábháilteacht (IO L 117, 6.4.2021, lch. 1)";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an nóta míniúcháin ([18]):

"([18]) Téarma Uimh. 6.1 agus d'fheithiclí seachas iad sin i gCatagóir M1: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/535, Iarscríbhinn XIII, Cuid 2, Roinn F. I gcás leantóirí, sonrófar na faid mar a luaitear iad i dtéarma Uimh. 6.1.2 de Chaighdeán ISO 612:1978.";

(d) cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad nótaí míniúcháin ([20]) agus ([21]):

"([20]) Téarma Uimh. 6.2 agus d'fheithiclí seachas iad sin i gCatagóir M1: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/535, Iarscríbhinn XIII, Cuid 2, Roinn F.

([21]) Téarma Uimh. 6.3 agus d'fheithiclí seachas iad sin i gCatagóir M1: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/535, Iarscríbhinn XIII, Cuid 2, Roinn F.";

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an nóta míniúcháin ([30]):

"([30]) Mar a shainítear i bpointe 1.3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/535, Iarscríbhinn XIII, Cuid 2, Roinn A.";

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an nóta míniúcháin ([122]):

"([122]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/646 ón gCoimisiún an 19 Aibreán 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le nósanna imeachta agus sonraíochtaí teicniúla aonfhoirmeacha le haghaidh cineálcheadú mótarfheithiclí i ndáil lena gcórais éigeandála coimeádta lána (IO L 133, 20.4.2021, lch. 31)";

(g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an nóta míniúcháin ([123]):

"([123]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1243 ón gCoimisiún an 19 Aibreán 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir le suiteáil an chórais comhghlasála i gcás meisce a éascú i mótarfheithiclí agus lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin (IO L 272, 30.7.2021, lch. 11)";

(h) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an nóta míniúcháin ([124]):

"([124]) Rialachán Uimh. 13 ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) — Saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a bhaineann le ceadú mótarfheithiclí chatagóir M, N agus O maidir le coscánú [2016/194] (IO L 42, 18.2.2016, lch. 1).";

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an nóta míniúcháin ([157]):

"([157]) Comhlánófar iontrálacha 4 agus 4.1i gcomhréir leis na sainmhínithe a leagtar síos i bpointí 1.24 (rothfhad) agus 1.25 (spásáil acastóirí), faoi seach, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/535, Iarscríbhinn XIII, Cuid 2, Roinn A.";

(j) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an nóta míniúcháin ([174]):

"([174]) Le haghaidh an téarma pointe cúplála darb uimhir '0' féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/535, Iarscríbhinn II, Cuid 2, Roinn A, pointe 1.3.1.2.";

(k) scriostar na nótaí míniúcháin ([31]), ([55]), ([79]), ([89]), ([90]) agus ([91]);

(l) cuirtear isteach an nóta míniúcháin ([181]) seo a leanas:

"([181]) Córais atá ceadaithe i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sna gníomhartha rialála a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858. Comhfhreagraíonn na hacrainmneacha do na córais dá dtagraítear i bpointí 6.7.; 7.4., 8.12, 10.1.1., 12.2.4., 12.6.5., 12.8., 12.11., 12.12., 12.13., 12.16., 12.17. agus 17.";

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.2.1.3.:

"2.2.1.3. Rothfhad tagartha an leathleantóra (mar a cheanglaítear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/535, Iarscríbhinn XIII, Cuid 2, Roinn E, pointe 3.2.:";

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.6.2.:

"2.6.2. Mais an trealaimh roghnaigh (féach an sainmhíniú i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/535, Iarscríbhinn XIII, Cuid 2, Roinn A. Pointe 1.4.:";

(4) cuirtear isteach na pointí 2.11.4.1. agus 2.11.4.2. seo a leanas:

"2.11.4.1. Cóimheas uasta idir an starradh cúplála [34] agus an rothfhad: ...

2.11.4.2. V-luach uasta: ..... kN.";

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.13.:

"2.13. Cúl-luascadh (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/535, Iarscríbhinn XIII, Cuid 2, Roinn C, pointe 8 agus Roinn D, pointe 7 faoi seach):";

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.14.1.:

"2.14.1. Cumhacht an innill/uasmhais ualaithe chóimheas an chónaisc atá incheadaithe go teicniúil (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/535, Iarscríbhinn XIII, Cuid 2, Roinn C, pointe 6): ..... kW/kg.";

(7) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3.2.18.1.:

"3.2.18.1. uimhir an deimhnithe nó na ndeimhnithe ar chineálcheadaithe: ...";

(8) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 4.11.2.:

"4.11.2. Faisnéis dá dtagraítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/535, Iarscríbhinn IX, Cuid 2, pointe 7.6. (luach arna dhearbhú ag an monaróir):";

(9) cuirtear na pointí 4.11.4, 4.11.5 agus 4.11.6 seo a leanas isteach:

"4.11.4. Faisnéis dá dtagraítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/535, Iarscríbhinn IX, Cuid 2, pointe 6.1.1.: ...

4.11.5. Faisnéis dá dtagraítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/535, Iarscríbhinn IX, Cuid 2, pointe 6.1.2.: ...

4.11.6. Faisnéis faoin ngiarthóscaire (GSI) i lámhleabhar úsáideora na feithicle: ...";

(10) cuirtear isteach na pointí 6.7., 6.7.1. agus 6.7.2. seo a leanas:

"6.7. Córais faireacháin bhrú na mbonn (TPMS)

6.7.1. I láthair: tá/níl [4]

6.7.2. Tuairisc mhionsonraithe ar chóras faireacháin bhrú na mbonn: ...";

(11) cuirtear isteach na pointí 7.4. go 7.6.3. seo a leanas:

"7.4. Córas éigeandála coimeádta lána (ELKS)

7.4.1. I láthair: tá/níl [4]

7.4.2. Tuairisc theicniúil ar an gcóras agus líníocht de: …

7.4.3. Modh chun an ELKS a dhíghníomhachtú de láimh

7.4.4. Tuairisc ar an díghníomhachtú uathoibríoch (má tá sé feistithe): …

7.4.5. Tuairisc ar an sochtadh uathoibríoch (má tá sé feistithe): …

7.5. Córas Rabhaidh Imeachta ó Lána (LDWS)

7.5.1. I láthair: tá/níl [4]

7.5.2 Raon luais an LDWS: …

7.5.3. Tuairisc theicniúil ar an LDWS agus líníocht de: …

7.6. Feidhm Cheartaitheach um Rialú Treorach (CDCF)

7.6.1. I láthair: tá/níl [4]

7.6.2. Raon luais an CDCF: …

7.6.3. Tuairisc theicniúil ar an gcóras agus líníocht de (go háirithe má úsáideann an córas stiúradh nó coscánú): ...";

(12) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 8.6.:

"8.6. Ríomh agus cuair i gcomhréir le Rialachán Uimh. 13 ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UN/ECE) [124], Iarscríbhinn 10 nó Iarscríbhinn 14, más infheidhme, nó le Rialachán Uimh. 13-H ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UN/ECE) [125], Iarscríbhinn 5 faoi seach: ...";

(13) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 8.9.:

"8.9. Tuairisc ghearr ar an gcóras coscánaithe dá dtagraítear i Rialachán Uimh. 13 de chuid NA, Iarscríbhinn 2, mír 12 nó i Rialachán 13-H de chuid NA, Iarscríbhinn 1, mír 14 faoi seach: ...";

(14) cuirtear isteach na pointí 8.12., 8.12.1. agus 8.12.2. seo a leanas:

"8.12. Ardchóras coscánaithe éigeandála (AEBS)

8.12.1. I láthair: tá/níl [4]

8.12.2. Tuairisc mhionsonraithe ar AEBS: ...";

(15) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 9.14 go 9.14.4:

"9.14. Spásanna le haghaidh plátaí clárúcháin tosaigh agus cúil a ghléasadh (an réimse a thabhairt nuair is iomchuí, is féidir líníochtaí a úsáid i gcás inarb infheidhme): …

9.14.1. Airde os cionn dhromchla an bhóthair, ciumhaiseanna íochtaracha agus uachtaracha: ...

9.14.2. Suíomh cliathánach, ciumhaiseanna clé agus deasa: ...

9.14.3. Líon na spásanna caighdeánacha le haghaidh plátaí clárúcháin: ...

9.14.4. Líon na spásanna roghnacha nó malartacha le haghaidh plátaí clárúcháin: ...";

(16) cuirtear isteach na pointí seo a leanas i ndiaidh phointe 9.14.5.:

"9.14.5.1. Spás le haghaidh pláta clárúcháin cúil: ...

9.14.5.2. Spás le haghaidh pláta clárúcháin cúil: ...

9.14.5.3. Dara spás le haghaidh pláta clárúcháin cúil (i gcás feithiclí i gcatagóir O_2, O_3 agus O_4): ...

9.14.5.4. Spásanna roghnacha nó malartacha le haghaidh plátaí clárúcháin: ...";

(17) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 9.14.6. agus phointe 9.14.7.:

"9.14.6. Claonta na bplátaí leis an gceartingear: ...

9.14.7. uillinneacha infheictheachta ó chiumhaiseanna íochtaracha, uachtaracha, clé agus deasa: ...";

(18) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 9.16.2.:

"9.16.2. Líníochtaí mionsonraithe de na rothghardaí agus dá n-ionad ar an bhfeithicil, ina léirítear na toisí a shonraítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/535, Iarscríbhinn V, Cuid 2, Fíor 1 agus ina gcuirtear forimill na gcomhcheangal bonn/rothaí san áireamh: ...";

(19) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 9.17.4. agus phointe 9.17.4.1.:

"9.17.4. Dearbhú ón monaróir maidir le comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/535, Iarscríbhinn II, Cuid 2: ...

9.17.4.1. Míneofar brí na gcarachtar i gcuid an tuairisceora feithicle (VDS) den uimhir aitheantais feithicle (VIN) agus, más infheidhme, i gcuid an táscaire feithicle (VIS) de, chun ceanglais mhír 5.3 de Chaighdeán ISO 3779:2009 a chomhlíonadh: ...";

(20) cuirtear isteach an pointe 9.17.4.3 seo a leanas:

"9.17.4.3. Pláta reachtúil le haghaidh feithicil a tógadh go hilchéimneach: tá/níl [4]";

(21) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 9.20.2.:

"9.20.2. Líníochtaí mionsonraithe den chóras coiscthe sprae agus dá ionad ar an bhfeithicil, ina léirítear na toisí a shonrófar sna figiúirí san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/535, Iarscríbhinn VIII, Cuid 2 agus ina gcuirtear forimill na gcomhcheangal bonn/rothaí san áireamh: ...";

(22) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 9.25.1.:

"9.25.1. Tuairisc theicniúil mhionsonraithe (lena n-áirítear grianghraif agus líníochtaí, chomh maith le cur síos ar na hábhair) ar na codanna den fheithicil dá dtagraítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/535, Iarscríbhinn XIII, Cuid 2, Roinn D, pointe 1.4: ...";

(23) cuirtear isteach pointe 10.1.1 seo a leanas:

"10.1.1. Comhartha stop éigeandála (ESS): tá/níl[4]";

(24) cuirtear isteach pointí 12.2.4, 12.2.4.1 agus 12.2.4.2 seo a leanas:

"12.2.4. Suiteáil an chórais chomhghlasála i gcás meisce a éascú (AIF)

12.2.4.1. Dearbhú comhlíontachta ón monaróir, i gcomhréir le hIarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1243[123]: ...";

12.2.4.2. Doiciméad suiteála maidir le suiteáil an chórais chomhghlasála i gcás meisce a éascú";

(25) cuirtear isteach pointí 12.6.5. go 12.6.5.5. seo a leanas:

"12.6.5. Córas cliste um chúnamh luais (ISA)

12.6.5.1. I láthair: tá/níl ([4])

12.6.5.2. Feidhm faisnéise teorann luais (SLIF)

12.6.5.2.1. Tuairisc mhionsonraithe ar an gcomhéadan SLIF: ...

12.6.5.2.2. An mhodheolaíocht agus an teicneolaíocht do chinneadh na luasteorann arna mbrath: ...

12.6.5.3. Feidhm rabhaidh um an teorann luais (SLWF)

12.6.5.3.1. Tuairisc mhionsonraithe ar shásraí aiseolais SLWF: ...

12.6.5.3.2. Tuairisc mhionsonraithe ar rabhadh súl SLWF, más infheidhme: ...

12.6.5.4. Tuairisc mhionsonraithe ar an bhfeidhm rialúcháin luais (FRL): ...

12.6.5.5. Uimhir chineálcheadaithe an chórais ISA mar aonad teicniúil ar leithligh, más infheidhme: ...";

(26) cuirtear isteach na pointí 12.11. go 12.17.3. seo a leanas:

"12.11. córas rabhaidh codlatachta agus aire tiománaí (DDAW)

12.11.1. I láthair: tá/níl ([4])

12.11.2. Tuairisc mhionsonraithe ar chóras DDAW: ...

12.11.3. Tuairisc mhionsonraithe ar rabhadh súl chóras DDAW: ...

12.12. Ardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí (ADDW)

12.12.1. I láthair: tá/níl ([4])

12.12.2. Tuairisc mhionsonraithe ar chóras ADDW: ...

12.12.3. Tuairisc mhionsonraithe ar na modhanna teicniúla chun seachmall a sheachaint, más infheidhme: ...

12.13. Córas faisnéise caochspota (BSIS)

12.13.1. I láthair: tá/níl ([4])

12.13.2. Tuairisc mhionsonraithe ar an gcóras faisnéise caochspota: ...

12.13.3. Uimhir chineálcheadaithe BSIS arna cheadú mar aonad teicniúil ar leithligh, más infheidhme: ...

12.14. Cibearshlándáil

12.14.1. Saintréithe ginearálta tógála an chineáil feithicle, lena n-áirítear:

(a) na córais feithicle atá iomchuí maidir le cibearshlándáil an chineáil feithicle;

(b) na comhpháirteanna de na córais sin atá ábhartha maidir leis an gcibearshlándáil;

(c) idirghníomhaíochtaí na gcóras sin le córais eile laistigh den chineál feithicle agus de chomhéadain sheachtracha

12.14.2. Léiriú scéimreach den chineál feithicle: …

12.14.3. Uimhir an deimhnithe comhlíontachta don chóras bainistíochta cibearshlándála: ...

12.14.4. Doiciméid don chineál feithicle atá le ceadú ina mbeidh tuairisc ar thoradh a mheasúnaithe riosca agus ar na rioscaí sainaitheanta: ...

12.14.5. Doiciméid don chineál feithicle atá le ceadú ina mbeidh tuairisc ar na maoluithe a cuireadh chun feidhme ar na córais a liostaítear, nó ar an gcineál feithicle, agus ar an gcaoi a dtéann siad i ngleic leis na rioscaí atá luaite: ...

12.14.6. Doiciméid don chineál feithicle atá le ceadú ina mbeidh tuairisc ar chosaint timpeallachtaí tiomnaithe do bhogearraí, do sheirbhísí, d'fheidhmchláir nó do shonraí iarmhargaidh: ...

12.14.7. Doiciméid don chineál feithicle atá le formheas ina mbeidh tuairisc ar na tástálacha a úsáideadh chun cibearshlándáil an chineáil feithicle agus a chórais a fhíorú agus toradh na dtástálacha sin: ...

12.14.8. Tuairisc ar an mbreithniú ar an slabhra soláthair maidir leis an gcibearshlándáil: ...

12.15. Nuashonrú bogearraí

12.15.1. Saintréithe ginearálta tógála an chineáil feithicle: ...

12.15.2. Uimhir an deimhnithe comhlíontachta don chóras bainistíochta um nuashonrú bogearraí: ...

12.15.3. Bearta slándála

12.15.3.1. Doiciméid don chineál feithicle atá le ceadú ina gcuirtear in iúl go ndéanfar an próiseas nuashonraithe go slán: …

12.15.3.2. Doiciméid don chineál feithicle atá le ceadú ina gcuirtear in iúl go bhfuil na huimhreacha RXSWI ar fheithicil cosanta i gcoinne ionramháil neamhúdaraithe: …

12.15.4. Nuashonruithe bogearraí thar an aer

12.15.4.1. Doiciméid don chineál feithicle atá le ceadú ina gcuirtear in iúl go ndéanfar an próiseas nuashonraithe go sábháilte: …

12.14.4.2. Cur síos ar na modhanna chun úsáideoirí feithicle a chur ar an eolas faoi nuashonrú roimh agus i ndiaidh é a dhéanamh: …

12.15.5. Dearbhú an mhonaróra maidir le comhlíonadh na gceanglas le haghaidh Córais Bhainistíochta um Nuashonrú Bogearraí: …

12.16. Taifeadán Sonraí Teagmhais (EDR)

12.16.1. I láthair: tá/níl([4])

12.16.2. Líníocht(aí) nó grianghraif ina léirítear suíomh agus modh greamaithe an taifeadáin sonraí teagmhais san fheithicil: ....

12.16.3. Cur síos ar an bparaiméadar truiceartha: ...

12.16.4. Cur síos ar aon pharaiméadar ábhartha eile (acmhainn stórála, friotaíocht in aghaidh ard-luasmhoillithe agus strus meicniúil a bhfuil diantionchar aige, srl.): ...

12.16.5. Na heilimintí sonraí agus an fhormáid sonraí atá stóráilte sa taifeadán sonraí teagmhais:

Sonraí eilimint	Eatramh/am taifeadta (i gcoibhneas leis an tráth nialais)	Ráta samplála sonraí (samplaí in aghaidh an tsoicind)	Raon íosta	Cruinneas	Taifeach

12.16.6. Treoirlínte maidir le sonraí a fháil ón taifeadán sonraí teagmhais: ...

12.16.6.1. Tuairisc ar an modh chun faisnéis a thuairisciú a cheanglaítear faoi Airteagal 4(3)(b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/545 ón gCoimisiún (*): de láimh/uathoibríoch ([4])

12.16.7. Comhlíonadh Rialachán Uimh. 160 ó na Náisiún Aontaithe maidir le ceanglais theicniúla:

12.16.7.1 Uimhir cheadaithe Rialachán Uimh. 160 ó na Náisiún Aontaithe: …

12.16.8. Uimhir chineálcheadaithe EDR atá ceadaithe mar aonad teicniúil ar leithligh, más infheidhme (le comhlánú i gcás nach bhfaightear formheas faoi Rialachán Uimh. 160 ó na Náisiún Aontaithe agus dá dtagraítear i bpointe 12.16.7.1.): ...

12.17. Córas faireacháin ar infhaighteacht an tiománaí (DAM)

12.17.1. I láthair: tá/níl ([4])

12.17.2. Modhanna chun infhaighteacht an tiománaí a bhrath: …

12.17.3. Tuairisc i scríbhinn agus/nó líníocht den fhaisnéis a thugtar don tiománaí: ...";

(*) IO L 107, 6.4.2022, lch. 18.

(27) Cuirtear isteach pointí 17 go 17.11 seo a leanas:

"17. CÓRAS TIOMÁNA UATHOIBRITHE (ADS): is ea/ní hea [4]

17.1. Tuairisc ghinearálta ar ADS: …

17.1.1. Fearann Deartha Oibríochta/Coinníollacha teorann: …

17.1.2. Feidhmíocht Bhunúsach (m.sh. Brath agus Freagairt Cuspóra agus Teagmhais (OEDR), pleanáil, srl.): …

17.2. Tuairisc ar fheidhmeanna ADS:

17.2.1. Príomhfheidhmeanna ADS (ailtireacht fheidhmiúil): …

17.2.1.1. Feidhmeanna inmheánacha feithicle: …

17.2.1.2. Feidhmeanna seachtracha feithicle (e.g. an cúl, bonneagar inneall, is gá bonneagar seachbhoird, is gá bearta oibríochtúla): …

17.3. Forléargas ar phríomh-chomhpháirteanna ADS

17.3.1. Aonaid rialaithe: …

17.3.2. Braiteoirí agus na braiteoirí a shuiteáil ar an bhfeithicil: …

17.3.3. Gníomhróirí: …

17.3.4. Léarscáileanna agus suíomh: …

17.3.5. Crua-earraí eile: …

17.4. Leagan amach agus scéimléaráidí ADS

17.4.1. Leagan amach scéimreach an chórais (e.g. blocléaráid): …

17.4.2. Liosta agus forléargas scéimreach ar idirnaisc: …

17.5. Sonraíochtaí

17.5.1. Sonraíochtaí faoi ghnáthoibriú: …

17.5.2. Sonraíochtaí faoi oibriú éigeandála: …

17.5.3. Critéir inghlacthachta: …

17.5.4. Léiriú ar chomhlíonadh: …

17.6. Coincheap na sábháilteachta

17.6.1. Ráiteas ón monaróir go bhfuil an fheithicil saor ó rioscaí míréasúnta: …

17.6.2. Breac-chuntas ar ailtireacht na mbogearraí (m.sh. blocléaráid): …

17.6.3. An modh lena gcinntear réadú loighic ADS: …

17.6.4. Míniú ginearálta ar na príomhfhorálacha maidir le dearadh is cuid de ADS d'fhonn oibríocht shábháilte a ghiniúint faoi dhálaí lochta, faoi shuaitheadh oibríochtúil, agus faoi choinníollacha a sháródh an Treoir maidir le ODD: …

17.6.5. Tuairisc ghinearálta ar na príomhphrionsabail faoina láimhseáiltear teipeanna, straitéis ar leibhéal cúltaca lena n-áirítear straitéis maolaithe riosca (an ionramháil riosca is lú): …

17.6.6. Na coinníollacha faoina spreagfar iarraidh chuig an oibreoir ar bord nó chuig an oibreoir cian-idirghabhála: …

17.6.7. Coincheap idirghníomhaíocht meaisín daonna le daoine atá i bhfeithicil, oibreoir ar bord agus oibreoir cian-idirghabhála, lena n-áirítear cosaint ar ghníomhachtú/oibriú agus idirghabháil neamhúdaraithe shimplí: …

17.7. Fíorú agus bailíochtú ón monaróir ar na ceanglais feidhmíochta, lena n-áirítear OEDR, HMI, urramú rialacha tráchta agus an tátal go bhfuil an córas deartha ar shlí atá saor ó rioscaí míréasúnta don tiománaí, dóibh siúd a bhíonn san fheithicil, agus d'úsáideoirí eile bóthair: …

17.7.1. Tuairisc ar an gcur chuige a glacadh: …

17.7.2. Rogha cásanna ainmniúla, criticiúla agus teipe: …

17.7.3. Tuairisc ar na modhanna agus na huirlisí a úsáideadh (bogearraí, saotharlann, eile) agus achoimre ar an measúnú inchreidteachta: …

17.7.4. Tuairisc ar na torthaí: …

17.7.5. Éiginnteacht na dtorthaí: …

17.7.6. Léirmhíniú na dtorthaí: …

17.7.7. Dearbhú an mhonaróra:

Dearbhaíonn an monaróir/na monaróirí …… *go bhfuil ADS* saor ó rioscaí míréasúnta sábháilteachta do dhaoine atá i bhfeithicil agus d'úsáideoirí eile bóthair.

17.8. Eilimintí sonraí ADS

17.8.1. Cineál na sonraí atá stóráilte: …

17.8.2. An suíomh stórála: …

17.8.3. Tarluithe taifeadta agus eilimintí sonraí: …

17.8.4. Modhanna chun slándáil sonraí agus cosaint sonraí a áirithiú: …

17.8.5. Modhanna rochtana ar shonraí: …

17.9. Cibearshlándáil agus nuashonrú ar bhogearraí

17.9.1. Uimhir chineálcheadaithe cibearshlándála: …

17.9.2. Uimhir an Deimhnithe Comhlíontachta don chóras bainistíochta cibearshlándála: …

17.9.3. Uimhir chineálcheadaithe nuashonrúcháin bogearraí: …

17.9.4. Uimhir an Deimhnithe Comhlíontachta do nuashonrú bogearraí: …

17.9.4.1 Faisnéis maidir le conas R_xSWIN nó an leagan/na leaganacha bogearraí a léamh sa chás nach bhfuil R_xSWIN ar an bhfeithicil.

17.9.4.2 Más infheidhme, liostaigh na paraiméadair ábhartha lena mbeifear in ann na feithiclí sin a aithint ar féidir iad a nuashonrú leis na bogearraí a ndéanann R_xSWIN ionadaíocht orthu faoi mhír 17.9.4.1.

17.10. Lámhleabhar oibriúcháin (le cur i gceangal leis an doiciméad faisnéise)

17.10.1. Tuairisc fheidhmiúil ar ADS agus ar ról measta an úinéara, an oibreora seirbhíse iompair, an oibreora cian-idirghabhála, etc.: …

17.10.2. Bearta teicniúla le haghaidh oibriú sábháilte (e.g. tuairisc ar an mbonneagar nach bhfuil ar bord atá riachtanach, uainiú, minicíocht agus teimpléad na n-oibríochtaí cothabhála): …

17.10.3. Srianta oibríochtúla agus comhshaoil: …

17.10.4. Bearta oibríochta (e.g. más gá oibreoir ar bord nó oibreoir cian-idirghabhála): …

17.10.5. Treoracha i gcás clistí agus iarraidh ar ADS (bearta sábháilteachta ag na daoine atá i bhfeithicil, ag an oibreoir seirbhíse iompair, ag an oibreoir ar bord agus ag oibreoir cian-idirghabhála agus ag údaráis phoiblí, ar bearta iad nach mór a ghlacadh i gcás mhífheidhmiú na hoibríochta): …

17.11. Modhanna chun cigireacht theicniúil thréimhsiúil a chumasú: …”.

IARSCRÍBHINN II

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/683 mar a leanas:

(1) Leasaítear Cuid I (A. Catagóirí M agus N) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.6.2.:

"2.6.2. Mais an trealaimh roghnaigh (féach an sainmhíniú i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/535, Iarscríbhinn XIII, Cuid 2, Roinn A. Pointe 1.4.:";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 4.11.2.:

"4.11.2. Faisnéis dá dtagraítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/535, Iarscríbhinn IX, Cuid 2, pointe 7.6. (luach arna dhearbhú ag an monaróir):"

(c) cuirtear isteach na pointí 6.7 agus 6.7.1 seo a leanas:

"6.7. Córais faireacháin bhrú na mbonn (TPMS)

6.7.1. I láthair: tá/níl [4]";

(d) cuirtear isteach na pointí 7.4., 7.4.1., 7.5., 7.5.1., 7.6. agus 7.6.1 seo a leanas:

"7.4. Córas éigeandála coimeádta lána (ELKS)

7.4.1. I láthair: tá/níl [4]

7.5. Córas Rabhaidh Imeachta ó Lána (LDWS)

7.5.1. I láthair: is ea/ní hea [4]

7.6. Feidhm Cheartaitheach um Rialú Treorach (CDCF)

7.6.1. I láthair: tá/níl [4]";

(e) cuirtear isteach na pointí 8.12 agus 8.12.1 seo a leanas:

"8.12. Ardchóras coscánaithe éigeandála (AEBS)

8.12.1. I láthair: tá/níl [4];"

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 9.17.4.1:

"9.17.4.1. Míneofar brí na gcarachtar i gcuid an tuairisceora feithicle (VDS) den uimhir aitheantais feithicle (VIN) agus, más infheidhme, i gcuid an táscaire feithicle (VIS) de, chun ceanglais mhír 5.3 de Chaighdeán ISO 3779:2009 a chomhlíonadh:";

(g) cuirtear isteach na pointí 12.2.4. agus 12.2.4.1. seo a leanas:

"12.2.4. Suiteáil an chórais chomhghlasála i gcás meisce a éascú (AIF)

12.2.4.1. Dearbhú comhlíontachta ón monaróir, i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1243 ón gCoimisiún[1 2 3]: …;"

(h) cuirtear isteach na pointí 12.6.5. agus 12.6.5.1. seo a leanas:

"12.6.5. Córas cliste um chúnamh luais (ISA)

12.6.5.1. I láthair: tá/níl [4]";

(i) cuirtear isteach na pointí 12.11., 12.11.1, 12.12, 12.12.1, 12.13, 12.13.1, 12.16, 12.16.1., 12.17. agus 12.17.1. seo a leanas:

"12.11. córas rabhaidh codlatachta agus aire tiománaí (DDAW)

12.11.1. I láthair: tá/níl [4]

12.12. Ardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí (ADDW)

12.12.1. I láthair: tá/níl [4]

12.13. Córas faisnéise caochspota (BSIS)

12.13.1. I láthair: tá/níl [4]

12.16. Taifeadán Sonraí Teagmhais (EDR)

12.16.1. I láthair: tá/níl [4]

12.17. Córas faireacháin ar infhaighteacht an tiománaí (DAM)

12.17.1. I láthair: tá/níl [4]";

(j) cuirtear an pointe 17 seo a leanas isteach:

"17. CÓRAS TIOMÁNA UATHOIBRITHE (ADS): tá/níl [4]";

(2) Leasaítear Cuid I (B. Catagóir O) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.6.2.:

"2.6.2. Mais an trealaimh roghnaigh (féach an sainmhíniú i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/535, Iarscríbhinn XIII, Cuid 2, Roinn A. Pointe 1.4.:";

(b) cuirtear isteach na pointí 6.7 agus 6.7.1 seo a leanas:

"6.7. Córais faireacháin bhrú na mbonn (TPMS)

6.7.1. I láthair: tá/níl [4];"

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 9.17.4.1:

"9.17.4.1. Míneofar brí na gcarachtar i gcuid an tuairisceora feithicle (VDS) den uimhir aitheantais feithicle (VIN) agus, más infheidhme, i gcuid an táscaire feithicle (VIS) de, chun ceanglais mhír 5.3 de Chaighdeán ISO 3779:2009 a chomhlíonadh: ...";

(d) Cuirtear isteach na pointí 12, 12.7.1., 16. agus 16.1 seo a leanas:

"12. ILGHNÉITHEACH

12.7.1. Feithicil a bhfuil trealamh gearr-raoin 24 GHz ina threalamh acu: tá/níl [4]

16. ROCHTAIN AR FHAISNÉIS FAOI DHEISIÚ AGUS FAOI CHOTHABHÁIL FEITHICLÍ

16.1. Seoladh an phríomhshuímh gréasáin maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí: ...".

IARSCRÍBHINN III

Leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/683 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c) de phointe 2.2.:

"(c) uimhir an Rialacháin ón gCoimisiún arna ghlacadh de bhun Rialachán (AE) 2019/2144 agus lena leagtar síos na ceanglais is infheidhme.

Chun críocha phointe (c), i gcás ina bhfuil iarscríbhinní ar leith i (mbonn)Rialachán le ceanglais agus saintreoracha teicniúla le cur i bhfeidhm maidir le hábhair éagsúla a chumhdaíonn córais feithiclí, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leith, cuirfear uimhir rómhánach lena gcuirtear in iúl uimhir na hIarscríbhinne a ghabhann leis an Rialachán sin i ndiaidh na tagartha i roinn 2.";

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c) de phointe 3.1.:

"(c) i gcomhréir le hIarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/535[14]:

e2*2021/535/XI*2021/535*00003*00"

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d) de phointe 3.1.:

"(d) i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/646[122]:

e2*2021/646*2021/646*00003*00"

(4) i bpointe 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

"Mar sin féin, tá feidhm ag an Iarscríbhinn sin maidir le cineálcheaduithe AE arna ndeonú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/2144 ar bhonn na gceanglas a leagtar síos sna Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858, agus sa chás sin beidh feidhm ag an gcóras uimhrithe seo a leanas:";

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 4.2.:

"4.2. Roinn 2: Uimhir Rialachán (AE) 2019/2144 (i.e. "2019/2144")";

(6) sa sampla i bpointe 4.6.1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad uimhir an deimhnithe ar chineálcheadú:

"e1*2019/2144*13-HR00/16*00001*00";

(7) sa sampla i bpointe 4.6.2., cuirtear an méid seo a leanas in ionad uimhir an deimhnithe ar chineálcheadú:

"e25*2019/2144*46R04/01*00123*05".

IARSCRÍBHINN IV

In Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/683, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír de phointe 4:

"Mar sin féin, tá feidhm ag an Iarscríbhinn sin maidir le cineálcheaduithe AE i dtaca le comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leith arna ndeonú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/2144 ar bhonn na gceanglas a leagtar síos sna Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin, agus sa chás sin beidh feidhm ag an méid seo a leanas:".

IARSCRÍBHINN V

In Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/683, leasaítear an Fhoscríbhinn mar a leanas:

(1) leasaítear cuid I (Feithiclí iomlána agus lánchríochnaithe) mar a leanas:

(a) i gCuid 2 (catagóir feithicle M_1) cuirtear isteach na pointí 54, 55 agus 56 seo a leanas:

"54. Feithicil a bhfuil na nithe seo a leanas feistithe uirthi: córas faireacháin bhrú na mbonn/córas éigeandála coimeádta lána/ardchóras coscánaithe éigeandála/comhartha stop éigeandála/suiteáil an chórais comhghlasála i gcás meisce a éascú/cúnamh cliste luais/rabhadh codlatachta agus aire tiománaí/ardchóras rabhaidh do sheachmall an tiománaí/taifeadán sonraí teagmhais/faireachán ar infhaighteacht an tiománaí/córas tiomána uathoibrithe/eCall [4] [181]

55. Feithicil deimhnithe i gcomhréir le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiún Aontaithe: tá/níl [4]

56. Feithicil deimhnithe i gcomhréir le Rialachán Uimh. 156 ó na Náisiún Aontaithe: tá/níl [4]";

(b) i gCuid 2 (catagóir feithicle M_2) cuirtear isteach na pointí 54, 55 agus 56 seo a leanas:

"54. Feithicil a bhfuil na nithe seo a leanas feistithe uirthi: córas faireacháin bhrú na mbonn/ardchóras coscánaithe éigeandála/comhartha stop éigeandála/suiteáil an chórais comhghlasála i gcás meisce a éascú/cúnamh cliste luais/rabhadh codlatachta agus aire tiománaí/ardchóras rabhaidh do sheachmall an tiománaí/córas faisnéise caochspota/taifeadán sonraí teagmhais/faireachán ar infhaighteacht an tiománaí/córas tiomána uathoibrithe/dlúthghrúpáil [4] [181]

55. Feithicil deimhnithe i gcomhréir le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiún Aontaithe: tá/níl [4]

56. Feithicil deimhnithe i gcomhréir le Rialachán Uimh. 156 ó na Náisiún Aontaithe: tá/níl [4]";

(c) i gCuid 2 (catagóir feithicle M_3) cuirtear isteach na pointí 54, 55 agus 56 seo a leanas:

"54. Feithicil a bhfuil na nithe seo a leanas feistithe uirthi: córas faireacháin bhrú na mbonn/comhartha stop éigeandála/suiteáil an chórais comhghlasála i gcás meisce a éascú/ardchóras coscánaithe éigeandála/cúnamh cliste luais/rabhadh codlatachta agus aire tiománaí/ardchóras rabhaidh do sheachmall an tiománaí/córas faisnéise caochspota/taifeadán sonraí teagmhais/faireachán ar infhaighteacht an tiománaí/córas tiomána uathoibrithe/dlúthghrúpáil [4] [181]

55. Feithicil deimhnithe i gcomhréir le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiún Aontaithe: tá/níl [4]

56. Feithicil deimhnithe i gcomhréir le Rialachán Uimh. 156 ó na Náisiún Aontaithe: tá/níl [4]";

(d) i gCuid 2 (catagóir feithicle N_1), cuirtear isteach na pointí 54, 55 agus 56 seo a leanas:

"54. Feithicil a bhfuil na nithe seo a leanas feistithe uirthi: córas faireacháin bhrú na mbonn/córas éigeandála coimeádta lána/ardchóras coscánaithe éigeandála/comhartha stop éigeandála/suiteáil an chórais comhghlasála i gcás meisce a éascú/cúnamh cliste luais/rabhadh codlatachta agus aire tiománaí/ardchóras rabhaidh do sheachmall an tiománaí/taifeadán sonraí teagmhais/faireachán ar infhaighteacht an tiománaí/córas tiomána uathoibrithe/eCall [4] [181]

55. Feithicil deimhnithe i gcomhréir le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiún Aontaithe: tá/níl [4]

56. Feithicil deimhnithe i gcomhréir le Rialachán Uimh. 156 ó na Náisiún Aontaithe: tá/níl [4]";

(e) i gCuid 2 (catagóir feithicle N_2), cuirtear isteach na pointí 54, 55 agus 56 seo a leanas:

"54. Feithicil a bhfuil na nithe seo a leanas feistithe uirthi: córas faireacháin bhrú na mbonn/comhartha stop éigeandála/suiteáil an chórais comhghlasála i gcás meisce a éascú/ardchóras coscánaithe éigeandála/cúnamh cliste luais/rabhadh codlatachta agus aire tiománaí/ardchóras rabhaidh do sheachmall an tiománaí/córas faisnéise caochspota/taifeadán sonraí teagmhais/faireachán ar infhaighteacht an tiománaí/córas tiomána uathoibrithe/dlúthghrúpáil [4] [181]

55. Feithicil deimhnithe i gcomhréir le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiún Aontaithe: tá/níl [4]

56. Feithicil deimhnithe i gcomhréir le Rialachán Uimh. 156 ó na Náisiún Aontaithe: tá/níl [4]";

(f) i gCuid 2 (catagóir feithicle N_3), cuirtear isteach na pointí 54, 55 agus 56 seo a leanas:

"54. Feithicil a bhfuil na nithe seo a leanas feistithe uirthi: córas faireacháin bhrú na mbonn/comhartha stop éigeandála/suiteáil an chórais comhghlasála i gcás meisce a éascú/ardchóras coscánaithe éigeandála/cúnamh cliste luais/rabhadh codlatachta agus aire tiománaí/ardchóras rabhaidh do sheachmall an tiománaí/córas faisnéise caochspota/taifeadán sonraí teagmhais/faireachán ar infhaighteacht an tiománaí/córas tiomána uathoibrithe/dlúthghrúpáil [4] [181]

55. Feithicil deimhnithe i gcomhréir le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiún Aontaithe: tá/níl [4]

56. Feithicil deimhnithe i gcomhréir le Rialachán Uimh. 156 ó na Náisiún Aontaithe: tá/níl [4]";

(g) i gCuid 2 (catagóirí feithiclí O_3 agus O_4), cuirtear isteach na pointí 54, 55 agus 56 seo a leanas:

"54. Feithicil a bhfuil na nithe seo a leanas feistithe uirthi: córas faireacháin bhrú na mbonn [181]";

55. Feithicil deimhnithe i gcomhréir le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiún Aontaithe: tá/níl [4]

56. Feithicil deimhnithe i gcomhréir le Rialachán Uimh. 156 ó na Náisiún Aontaithe: tá/níl [4]";

(2) leasaítear cuid II (Feithiclí neamhiomlána) mar a leanas:

(a) i gCuid 2 (catagóir feithicle M_1) cuirtear isteach na pointí 54, 55 agus 56 seo a leanas:

"54. Feithicil a bhfuil ardchórais feithicle feistithe uirthi: córas faireacháin bhrú na mbonn/córas éigeandála coimeádta lána/ardchóras coscánaithe éigeandála/comhartha stop éigeandála/suiteáil an chórais comhghlasála i gcás meisce a éascú/cúnamh cliste luais/rabhadh codlatachta agus aire tiománaí/ardchóras rabhaidh do sheachmall an tiománaí/taifeadán sonraí teagmhais/faireachán ar infhaighteacht an tiománaí/córas tiomána uathoibrithe/eCall [4] [181]";

55. Feithicil deimhnithe i gcomhréir le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiún Aontaithe: tá/níl [4]

56. Feithicil deimhnithe i gcomhréir le Rialachán Uimh. 156 ó na Náisiún Aontaithe: tá/níl [4]";

(b) i gCuid 2 (catagóir feithicle M_2) cuirtear isteach na pointí 54, 55 agus 56 seo a leanas:

"54. Feithicil a bhfuil ardchórais feithicle feistithe uirthi: córas faireacháin bhrú na mbonn/comhartha stop éigeandála/suiteáil an chórais comhghlasála i gcás meisce a éascú/ardchóras coscánaithe éigeandála/cúnamh cliste luais/rabhadh codlatachta agus aire tiománaí/ardchóras rabhaidh do sheachmall an tiománaí/córas faisnéise caochspota/taifeadán sonraí teagmhais/faireachán ar infhaighteacht an tiománaí/córas tiomána uathoibrithe/dlúthghrúpáil [4] [181]";

55. Feithicil deimhnithe i gcomhréir le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiún Aontaithe: tá/níl [4]

56. Feithicil deimhnithe i gcomhréir le Rialachán Uimh. 156 ó na Náisiún Aontaithe: tá/níl [4]";

(c) i gCuid 2 (catagóir feithicle M_3) cuirtear isteach na pointí 54, 55 agus 56 seo a leanas:

"54. Feithicil a bhfuil ardchórais feithicle feistithe uirthi: córas faireacháin bhrú na mbonn/comhartha stop éigeandála/suiteáil an chórais comhghlasála i gcás meisce a éascú/ardchóras coscánaithe éigeandála/cúnamh cliste luais/rabhadh codlatachta agus aire tiománaí/ardchóras rabhaidh do sheachmall an tiománaí/córas faisnéise caochspota/taifeadán sonraí teagmhais/faireachán ar infhaighteacht an tiománaí/córas tiomána uathoibrithe/dlúthghrúpáil [4] [181]";

55. Feithicil deimhnithe i gcomhréir le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiún Aontaithe: tá/níl [4]

56. Feithicil deimhnithe i gcomhréir le Rialachán Uimh. 156 ó na Náisiún Aontaithe: tá/níl [4]";

(d) i gCuid 2 (catagóir feithicle N_1), cuirtear isteach na pointí 54, 55 agus 56 seo a leanas:

"54. Feithicil a bhfuil ardchórais feithicle feistithe uirthi: córas faireacháin bhrú na mbonn/córas éigeandála coimeádta lána/ardchóras coscánaithe éigeandála/comhartha stop éigeandála/suiteáil an chórais comhghlasála i gcás meisce a éascú/cúnamh cliste luais/rabhadh codlatachta agus aire tiománaí/ardchóras rabhaidh do sheachmall an tiománaí/taifeadán sonraí teagmhais/faireachán ar infhaighteacht an tiománaí/córas tiomána uathoibrithe/eCall [4] [181]";

55. Feithicil deimhnithe i gcomhréir le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiún Aontaithe: tá/níl [4]

56. Feithicil deimhnithe i gcomhréir le Rialachán Uimh. 156 ó na Náisiún Aontaithe: tá/níl [4]";

(e) i gCuid 2 (catagóir feithicle N_2), cuirtear isteach na pointí 54, 55 agus 56 seo a leanas:

"54. Feithicil a bhfuil ardchórais feithicle feistithe uirthi: córas faireacháin bhrú na mbonn/comhartha stop éigeandála/suiteáil an chórais comhghlasála i gcás meisce a éascú/ardchóras coscánaithe éigeandála/cúnamh cliste luais/rabhadh codlatachta agus aire tiománaí/ardchóras rabhaidh do sheachmall an tiománaí/córas faisnéise caochspota/taifeadán sonraí teagmhais/faireachán ar infhaighteacht an tiománaí/córas tiomána uathoibrithe/dlúthghrúpáil [4] [181]";

55. Feithicil deimhnithe i gcomhréir le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiún Aontaithe: tá/níl [4]

56. Feithicil deimhnithe i gcomhréir le Rialachán Uimh. 156 ó na Náisiún Aontaithe: tá/níl [4]";

(f) i gCuid 2 (catagóir feithicle N_3), cuirtear isteach na pointí 54, 55 agus 56 seo a leanas:

"54. Feithicil a bhfuil ardchórais feithicle feistithe uirthi: córas faireacháin bhrú na mbonn/comhartha stop éigeandála/suiteáil an chórais comhghlasála i gcás meisce a éascú/ardchóras coscánaithe éigeandála/cúnamh cliste luais/rabhadh codlatachta agus aire tiománaí/ardchóras rabhaidh do sheachmall an tiománaí/córas faisnéise caochspota/taifeadán sonraí teagmhais/faireachán ar infhaighteacht an tiománaí/córas tiomána uathoibrithe/dlúthghrúpáil [4] [181]";

55. Feithicil deimhnithe i gcomhréir le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiún Aontaithe: tá/níl [4]

56. Feithicil deimhnithe i gcomhréir le Rialachán Uimh. 156 ó na Náisiún Aontaithe: tá/níl [4]";

(g) i gCuid 2 (catagóirí feithiclí O_3 agus O_4), cuirtear isteach na pointí 54, 55 agus 56 seo a leanas:

"54. Feithicil a bhfuil na nithe seo a leanas feistithe uirthi: córas faireacháin bhrú na mbonn [181].

55. Feithicil deimhnithe i gcomhréir le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiún Aontaithe: tá/níl [4]

56. Feithicil deimhnithe i gcomhréir le Rialachán Uimh. 156 ó na Náisiún Aontaithe: tá/níl [4]".